

Aistear á Nuashonrú

Teimpléad aighneachtaí scríofa le haghaidh eagraíochtaí, grúpaí agus daoine aonair

Tá an teimpléad seo ann le cabhrú leat (agus le do chomhghleacaithe) aighneacht scríofa a fhorbairt i ndáil le *Aistear* á Nuashonrú. Seol d'aighneacht chomhlánaithe le ríomhphost chuig aistearsubmissions@ncca.ie

Sonraí aighneachta ó dhuine aonair

Ainm	
Dáta	
Ríomhphost	

Sonraí aighneachta ó eagraíocht

Ainm	Réamonn Ó Ciaráin
Post	
Eagraíocht	Gael Linn
Dáta	
Ríomhphost	

An dtoilíonn tú leis an aighneacht seo a chur ar líne, lena n-áirítear d'ainm agus d'eagraíocht*?

Toilíonn

Ní thoilíonn

Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht (más cuí).

Fondúireacht neamhpholaitiúil, neamhrialtasach is ea Gael Linn, a bunaíodh sa bhliain 1953. An phríomhaidhm aici ná an Ghaeilge agus a hoidhreacht a chothú agus a chur cinn ar fud Éireann uile mar theanga bheo agus mar spreagadh féiniúlachta. Tá oifigí Gael Linn lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus in Ard Mhacha.

Ceanneagraíocht

Sa bhliain 2014, aithníodh Gael Linn ar cheann den sé cheanneagraíocht a bheadh le bunmhaoiniú ag Foras na Gaeilge. Mar cheanneagraíocht, 'siad seo roinnt de na feidhmeanna atá leagtha orainn:

· Oideachas in Earnáil an Bhéarla- taighde agus áiteamh i leith theagasc na Gaeilge,

Seol d'aighneacht le ríomhphost chuig aistearsubmissions@ncca.ie

tacaíocht do mhúinteoirí agus soláthar áiseanna.

- Oideachas d'Aosaigh-soláthar agus éileamh ar ranganna agus áiseanna a chur chun cinn.
- Deiseanna Úsáide do Dhaltaí Scoile-

- Gaelbhratach a fhorbairt
- gréasáin úsáide Gaeilge scoil-bhunaithe a bhunú agus a bhuanú
- sraith d'imeachtaí seach-churaclaim a éascú agus a chomhordú

Tá Gael Linn páirteach sa ghrúpa oideachais a thagann le chéile le páirtithe leasmhara le polasaí I léith na Gaeilge sa chóras oideachais a phlé. Tá plé déanta againn ar AISTEAR.

Tá dhá chuid eile sa teimpléad. I gCuid 1 iarrtar do thuairimí agus breithnithe foriomlána maidir le *Aistear*. Creatchuraclam na Luath-Óige. Tá struchtúr Chuid 2 bunaithe ar na Prionsabail, na Téamaí agus na Treoirínte don Dea-chleachtas. Tugtar achoimre ar gach cuid mar thacaíocht le hoibriú ar an aighneacht.

Cuid 1

Tabhair breac-chuntas ar do thuairimí agus breithnithe foriomlána maidir le *Aistear*: Creatchuraclam na Luath-Óige.

Moltaí:

- Oibríonn na prionsabail agus na téarmaí go maith ó thaobh foghlaim na bpáistí de – féidir an cur chuige a fheabhsú ach buntáiste a bhreith ar an saineolas chuí
- Tá tábhachtach taifead a dhéanamh ar fhoghlaim na bpáistí

Moltaí Gaeloideachas:


Tá Aistear le moladh; tá sé leathan, ionchuimsitheach agus praiticiúil agus tugann sé aird ar chomhthéacs an naíonra.

Molaimid go dtabharfaí na héagsúlachtaí i riachtanais teanga páistí san áireamh agus Aistear á nuashonrú:

- páistí le Gaeilge sa bhaile
- páistí gan Ghaeilge sa bhaile ach atá ag freastal ar naíonra agus á sealbhú mar theanga bhreise
- páistí le riachtanais bhreise
- páistí a bhfuil teangacha baile acu nach Gaeilge nó Béarla iad, ach a bheidh ag sealbhú Gaeilge agus Béarla le linn a n-aistear réamhscoile agus scoile
- páistí i seirbhísí meán-Bhéarla a bheidh ag tabhairt faoi shealbhú na Gaeilge agus iad sa bhunscoil (scoil mheán-Bhéarla nó scoil lán-Ghaeilge/Ghaeltachta)

Molaimid na téarmaí a úsáidtear in Aistear a nuashonrú le bheith ag teacht leis na téarmaí atá in úsáid ag páirtithe leasmhara na hearnála, ach bheith airdeallach go bhfuil plé ar lean maidir le téarmaíocht chuí le cur síos a dhéanamh ar fhoireann na seirbhísí luathbhlianta agus na ról atá acu. Tá gluais téarmaíochta ar fáil ón Roinn Leanaí, agus molaimid plé le Gaeloideachas agus ár gcomhghleacaithe in Comhar Naíonraí na Gaeltachta mar pháirtithe luathbhlianta le freagrachtaí sonracha i leith na naíonraí maidir leis na téarmaí atá in úsáid acu.

Ta athruithe ollmhóra curtha i bhfeidhm ar earnáil na luathbhlianta ó foilsíodh Aistear in 2009. Ina measc tá; na rialacháin nua, na córais cigireachta, straitéisí agus beartais Stáit agus, i gcás na naíonraí, athruithe ar na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh le Gaeloideachas anois mar cheanneagraíocht ag plé le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus deireadh curtha le Forbairt Naíonraí Teoranta. Is gá d'aon athbhreithniú agus nuashonrú na nithe gaolmhara seo a thabhairt san áireamh agus pleanáil chuí a dhéanamh le cinntiú go bhfanann leas na bpáistí ag croílár na hoibre, agus nach mbeidh aon laghdú ar sheirbhísí dóibh mar thoradh ar na leasuithe curaclaim.



Seol d'aighneacht le ríomhphost chuig aistearsubmissions@ncca.ie

Cuid 2

Prionsabail *Aistear*

Tá *Aistear* bunaithe ar 12 Phrionsabal na luathfhoghlama agus na forbartha. Cuirtear gach prionsabal in iúl le ráiteas gairid. Ansin, tá míniú ar an bPrionsabal ó dhearcadh an pháiste. Sonraítear ról an duine fhásta ag tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt an pháiste sa mhíniú sin. Is féidir teacht ar na Prionsabail [anseo](#).

Tabhair d'aiseolas foriomlán i ndáil le Prionsabail *Aistear* a Nuashonrú. Tabhair le fios céard atá ag obair go maith leis na prionsabail agus céard is gá a bhreisiú nó a thabhairt chun dáta.

- Seasann na prionsabail go fóill, agus is gá iad a threisiú i gcomhthéacs forbairt nó nuashonrú aon bheartas poiblí a imríonn tionchar ar leanaí. Ní mór go mbeadh comhthéacs an naíonra agus comhthéacs uathúil teanga na bpáistí san áireamh in aon leasuithe nó forbairtí a dhéanfar ar na prionsabail.



Seol d'aighneacht le ríomhphost chuig aistearsubmissions@ncca.ie

Cuid 3

Téamaí Aistear

Cuirtear foghlaim agus forbairt páistí i láthair in *Aistear*: Creatchuraclam na Luath-Óige faoi cheithre Théama. Is iad sin:

1. Folláine
2. Féiniúlacht agus Muintearas
3. Cumarsáid
4. Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.

Déantar cur síos ar gach a bhfoghlaiméoidh an páiste sna téamaí, lena n-áirítear claontaí, meonta agus luachanna, scileanna, eolas agus tuiscint. Tosaíonn gach téama le léargas gairid ar an tábhacht a bhaineann leis do pháistí mar fhoghlaiméoirí óga. Ansin, cuirtear an téama i láthair le ceithre aidhm. Tá gach aidhm deighilte ina sé sprioc foghlama. Is féidir teacht ar Théamaí Aistear [anseo](#)

Tabhair d'aiseolas foriomlán i ndáil le téamaí *Aistear*. Tabhair le fios céard atá ag obair go maith leis na téamaí agus céard is gá a bhreisiú nó a thabhairt chun dáta.

Moltaí:

Téama: Féiniúlacht agus Muintearas

- Baineann féiniúlacht le teanga. Tá géarghá anseo díriú isteach ar theanga baile na bpáistí agus cur chun cinn na Gaeilge mar theanga cumarsáide

Téama: Cumarsáid

- Tá cumas cumarsáide ag croílár na luathfhoghlama.
- Tá tábhacht faoi leith ag baint le timpeallacht an linbh chun cumarsáid a dhéanamh agus a fhorbairt.
- Caithfear tacú le páistí a dteanga féin a threisiú agus chomh maith leis sin go gcloistear an Ghaeilge in úsáid go forleathan mar theanga cumarsáide, ag baint úsáid as geáitsí, gluaiseacht, drámaíocht agus as an Teicneolaíocht
- Ba chóir go gcloisfeadh na páistí an iliomad rannta, scéalta agus amhráin i nGaeilge, ag úsáid áiseanna atá ar fáil go forleathan ar a leithéid de shuíomh agus www.cogg.ie
- Tá ról lárnach ag an oideachasóir tacú le scileanna teanga i mbéarla, Gaeilge agus teanga baile an pháiste agus bheith ina dhea-shampla don pháiste ó thaobh scileanna cumarsáide agus teanga.
- Tá sé tábhachtach tacú le teanga dhúchasach an pháiste

Eile:

- Tá tuilleadh tacaíocht, traenáil oifigiúla ó ghrúpa ar nós an PDST, áiseanna is treoracha do mhúinteoirí na luath bhliana ag teastáil toisc nach bhfuil aon rud ar fáil go dtí seo go háirithe i nGaeilge.
- Tá sé seo fíor freisin agus obair á déanamh leis na páistí le Riachtanais Speisialta go mbeidís páirteach i gcónaí sa rang Aistear.
- Ní féidir déileáil leis na téamaí in ionaid réamhscóile nó sna scoileanna Ghaeltachta & lán-Ghaeilge gan tuilleadh tacaíochta agus ábhar. Baineann an fhadhb chéanna le scoileanna nach í an Ghaeilge an teanga teagasc ach a bhfuil ag iarraidh Aistear a úsáid chun Gaeilge a theagasc agus leas a bhaint as Aistear agus é sin á dhéanamh acu.

Moltaí Gaeloideachas:

- Tá taithí ag naíonraí ar théamaí Aistear a thabhairt san áireamh agus a gcuid oibre á pleanáil agus á cur i gcrích acu. Measaimid go bhfuil siad oiriúnach agus ábhartha agus go leanfar leo. Molaimid na samplaí a luaitear leo a nuashonrú, agus dea-chleachtais ar leith a lua i gcomhthéacs na bunscoile.
- Tá deiseanna ann téama na cumarsáide a neartú mar a bhaineann le forbairt agus sealbhú na Gaeilge sna naíonraí trí leithéidí an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus an Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge (atá le teacht) agus sna seirbhísí luathbhlianta meáin-Bhéarla trí thionscadail bunaithe ar Fhoghlaim Comhtháite Ábhar agus Teanga (CLIL).

Cuid 4

Treoiríní don Dea-Chleachtas

Tá ceithre shraith treoiríní in *Aistear*, a dhíríonn ar ghnéithe éagsúla den chleachtas:

1. Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí
2. Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta
3. Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha
4. Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe

Déantar cur síos iontu ar an gcaoi ar féidir leis an duine fásta tacú le foghlaim agus forbairt an pháiste ar fud phrionsabail agus théamaí *Aistear*. Is féidir teacht ar Threoiríní don Dea-Chleachtas *Aistear* [anseo](#)

Tabhair d'aiseolas foriomlán i ndáil le Treoiríní Dea-Chleachtas *Aistear* a nuashonrú. Tabhair le fios céard atá ag obair go maith leis na treoiríní agus céard is gá a bhreisiú nó a thabhairt chun dáta.

Moltaí:

- Tá cuma shnasta ar na treoiríní ach caithfear plé leis na hoidí tríd na hionaid oideachasúla sa tír seo. Níl gach múinteoir a bhíonn ag teagasc an aoisghrúpa sin ar na meáin shóisialta nó compordach le cúrsaí teicneolaíochta. B'fhéidir go mbeadh grúpaí fócais níos oiriúnaí nó suirbhé níos giorra tríd na scoileanna.
- Tá tuilleadh tacaíochta, traenála oifigiúla ó ghrúpa ar nós PDST, áiseanna is teoracha do mhúinteoirí na luath bhliana ag teastáil toisc nach bhfuil aon rud ar fáil go dtí seo i nGaeilge go háirithe. Bíonn ar na hoidí íoc as cúrsaí nó áiseanna nach bhfuil caighdeánach go leor, agus ní bhíonn teacht orthu as Gaeilge. Tá tuilleadh ama oifigiúla ón Roinn Oideachais de dhíth chun *Aistear* a chur ar an chlár ama. Níl gach scoil sa tír ag déanamh *Aistear* agus bíonn an t-am spráíúla sin ag teastáil go gearr ag an aoisghrúpa sin. Tá easpa maoinithe chun áiseanna agus trealamh ceart a cheannach chun spriocanna iomlán *Aistear* a chur i gcrích.


Moltaí Gaeloideachas:

- Tá na treoiríní cuimsitheach agus praiticiúil, agus tá an ghné maidir le sealbhú teanga bhaile an pháiste le moladh. Ní mór comhthéacs uathúil teanga na naíonraí a bheith san áireamh i ngach rannóg le samplaí praiticiúla agus gníomhaíochtaí atá oiriúnach do chomhthéacs an naíonra a bheith san áireamh.
- I gcomhthéacs an naíonra, go hiondúil níl an Ghaeilge mar theanga bhaile ag na páistí. Tugann an t-athbhreithniú deis tacaíocht sa bhreis a thabhairt d'*aistear* teanga na bpáistí seo trí treoiríní maidir le sealbhú teangacha breise agus cur chuige an tumoideachais a chur san áireamh. Bheadh gá na spriocanna maidir le forbairt teanga a ndéantar cigireacht orthu sna cigireachtaí oideachas-dhíríthe faoin Roinn Oideachais a thabhairt san áireamh agus na treoiríní á bhforbairt.
- Maidir le formaid na dtreoiríní, ba cheart leagan clóite a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.
- Ba cheart leagan idirghníomhach ar líne a bheith ann chomh maith, gur féidir tabhairt faoi ar bhonn céimíúil. Tá sampla maith den cur chuige i leagan amach na modúil ar líne a d'fhorbairt Tusla maidir leis an gCreat Cáilíochta agus Rialála: <https://www.tusla.ie/services/preschool->

Moltaí eile;

Moltaí:

- Go mbeidh an Ghaeilge mar chroí-théama i ngach naíonra
- 3 creatchuraclam ag teastáil i) creatchuraclam do naíonraí ag múineadh trí Bhéarla, ii) creatchuraclam do naíonraí ag múineadh trí Ghaeilge (foghlaimoirí) agus iii) creatchuraclam do naíonraí Gaeltachta
- Ábhair Gaeilge a chur ar fáil do na 3 churaclam sin. Go mbeidh COGG bainteach leis an ábhar a chruthú. Cinntiú go mbeidh cothromas ann idir an ábhar i mBéarla agus an ábhar i nGaeilge ar bhonn caighdeán agus ar bhonn rogha freisin
- Traenáil ag teastáil chun na curaclam nua a rith, ina measc cúrsaí trí Ghaeilge
- Is cóir don rialtas tacú leis an tumoideachas/le páirt-tumadh i náiscoilleana sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre
- Feachtas ardú feasachta a eagrú faoi bhuntáistí an dátheangachais agus an ilteangachais dírithe ar thuismitheoirí le tacú le bunú náiscoilleana lán-Ghaeilge agus le tacú le tuismitheoirí sa Ghaeltacht
- Tuilleadh náiscoilleana lán-Ghaeilge a bhunú agus é sin a éascú
- Tacú le náiscoilleana Béarla úsáid na Gaeilge a fheabhsú mar ábhar
- Caighdeán Gaeilge na múinteoirí náiscoilleana a ardú
- Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge mar ábhar ar gach cúrsa náiscoilleana mar shampla Baitsiléir Ealaíon sa Staidéar Luath-Óige
- A chinntiú go bhfuil go leor múinteoirí náiscoilleana le hardchaighdeán Gaeilge ar fáil le múineadh trí Ghaeilge.
- Tacú le náiscoilleana Béarla úsáid na Gaeilge a fheabhsú mar ábhar
- Sainoiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí nua agus do mhúinteoirí fadbhunaithe náiscoilleana i modhanna múinteoireachta na Gaeilge
- Cúrsaí tríú leibhéal trí Ghaeilge a bhunú sna coláistí oideachais agus sna hollscoilleana le hoiliúint tosaigh múinteoirí náiscoilleana a chur ar fáil
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí náiscoilleana trí oiliúint, acmhainní agus modhanna múinteoireachta den scoth a chur ar fáil
- An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 a chur i bhfeidhm – creidtear go forleathan nach bhfuil dul chun cinn go leor déanta go dtí seo
- A chinntiú go bhfuil an státhóras (an Roinn Oideachais agus Scileanna, mar shampla) ábalta plé le pobal na Gaeilge ina rogha teanga ar bhonn éifeachtach
- Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge i gceist agus luaite go sonrach agus b'fhéidir tagairt don saibhreas sna healaíona Gaeilge (rímeanna agus amhráin) is gá a chur ar fáil do gach saoránach óg, agus tagairt don bheith istigh a thugann an Ghaeilge do theaghlaigh nua atá tagtha go hÉirinn freisin
- A chinntiú go gcuirtear an fhoireann chuí ar fáil do COGG agus d'eagraíochtaí eile atá a plé leis an náiscolaíocht.



Cosaint Sonraí

Tá meas iomlán ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachais. Caithefear le haon faisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú do CNCM leis na caighdeáin is airde de shlándáil agus rúndacht, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Má tá tuilleadh faisnéise uait maidir leis an gcosaint sonraí gabh chuig <https://www.ncca.ie/ga/ráiteas-príobháideachais> nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí CNCM ag dpo@ncca.ie.